Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 11 Nollaig 2020
(OR. en)

13852/20

ENV 788
COMPET 626
AGRI 471
TRANS 589
MI 560
IND 263
CONSOM 214
ECOFIN 1136
ENER 486
RECH 511
SAN 463
MARE 36
SOC 794
CHIMIE 63
ENT 149

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13503/20 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 6766/20 + ADD 1 - COM(2020) 98 final |
| Ábhar: | Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le bheith ag féachaint le Téarnamh Ciorclach Glas<br>- Formheas |

1. An 11 Márta 2020, thíolaic an Coimisiún a Theachtaireacht maidir le "Plean Gníomhaíochta nua don Gheilleagar Ciorclach d'Eoraip níos glaine agus níos iomaíche".[1] Tá an Plean Gníomhaíochta ina ghné lárnach den Chomhaontú Glas don Eoraip ina leagtar amach creat cuimsitheach do ghníomhaíochtaí darb aidhm dlús a chur leis an aistriú i dtreo "samhail fáis athghiniúnaigh" a chuirfidh go mór le baint amach na haeráidneodrachta faoi 2050 agus le díchúpláil an fháis ó úsáid acmhainní, agus é á áirithiú ag an am céanna go mbeidh an tAontas iomaíoch go fadtéarmach agus nach bhfágfar aon duine ar lár. Cuid chomhtháite den Straitéis Thionsclaíoch Eorpach[2], a thíolaic an Coimisiún taca an ama chéanna, is ea an t-aistriú seo freisin.

2. Tá sé beartaithe sa Phlean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach go mbeadh thart ar 35 pointe gníomhaíochta ann, agus creat beartais maidir le táirgí inbhuanaithe ina phríomhghné aige, ina gcuimsítear tionscnaimh maidir le dearadh táirgí, próisis táirgthe, agus maidir le tomhaltóirí agus ceannaitheoirí poiblí a chumhachtú. Tabharfar aghaidh, trí bhíthin tionscnaimh spriocdhírithe, ar phríomhshlabhraí luacha táirgí amhail leictreonaic agus TFC, ceallraí, pacáistíocht, plaistigh, teicstílí, tógáil agus foirgnimh agus bia. Ina theannta sin, tá foráil déanta maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar an reachtaíocht dramhaíola. Is cuid thábhachtach den Phlean Gníomhaíochta freisin dlús a chur le gníomhaíocht ar an leibhéal idirnáisiúnta/domhanda.

3. Reáchtáladh an plé tosaigh maidir leis an bPlean Gníomhaíochta ar leibhéal na Meithle san earrach. An 23 Meitheamh 2020, bhí malartú tuairimí ag na hAirí Comhshaoil, mar fhíschomhdháil neamhfhoirmiúil, faoin méid a chuireann na beartais chomhshaoil agus aeráide, lena n-áirítear an geilleagar ciorclach, leis an téarnamh ó COVID-19.

4. Ina fhianaise sin, thíolaic an Uachtaránacht sraith de dhréacht-Chonclúidí ón gComhairle dar teideal "Ag féachaint le Téarnamh Ciorclach Glas" mar fhreagairt ar an bPlean Gníomhaíochta lena ndírítear ar threoir pholaitiúil chuimsitheach a chur ar fáil maidir leis an raon leathan gníomhaíochtaí atá beartaithe ag an gCoimisiún ann. Leagtar béim freisin sna dréacht-Chonclúidí ar ról an gheilleagair chiorclaigh sa téarnamh ó COVID-19 agus déantar nasc leis an digitiú, rud a léiríonn a thábhachtaí atá sé chun acmhainneacht iomlán an gheilleagair chiorclaigh a bhaint amach.

---

[1] 6766/20 + ADD 1 - COM(2020) 98 final.

[2] 6782/20 - COM(2020) 102 final.

5. Pléadh na dréachtchonclúidí ar leibhéal na Meithle i roinnt físchomhdhálacha neamhfhoirmiúla, rud a d'fhág gur tugadh tacaíocht an-mhór don dréacht is déanaí a mhol an Uachtaránacht. Más ea, thángthas ar chomhaontú sealadach trí nós imeachta neamhfhoirmiúil an tosta.

6. Dhearbhaigh Coiste na mBuanionadaithe an comhaontú maidir leis na dréachtchonclúidí an 9 Nollaig 2020.

7. Ós amhlaidh atá, iarrtar ar an gComhairle na dréachtchonclúidí a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo a fhormheas.

**Ag féachaint le Téarnamh Ciorclach Glas**
**- Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle -**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

AG MEABHRÚ DI:

Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 21 Iúil 2020 maidir leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil agus Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh "Next Generation EU"[1];

Conclúidí ón gComhairle an 12 Nollaig 2019 maidir leis an Athrú Aeráide[2];

Na Teachtaireachtaí ón gCoimisiún:

- *A Clean Planet for all: A European strategic long-term vision for a prosperous, modern, competitive and climate neutral economy* [Pláinéad Glan do Chách: fís straitéiseach fhadtéarmach Eorpach ar mhaithe le geilleagar rachmasach, nua-aimseartha, iomaíoch agus aeráidneodrach][3];
- *The European Green Deal* [An Comhaontú Glas don Eoraip][4];
- *Europe's moment: Repair and Prepare for the Next Generation* [Uain na hEorpa: deisiú agus ullmhú don chéad ghlúin eile][5];
- *A new Circular Economy Action Plan: For a cleaner and more competitive Europe* [Plean nua Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach: i gcomhair Eoraip níos glaine agus níos iomaíche] [6];
- *Critical Raw Materials Resilience: Charting a Path towards greater Security and Sustainability* [Athléimneacht Amhábhar Criticiúil: Ar chosán na Slándála agus na hInbhuaine[7]];
- *Chemicals Strategy for Sustainability Towards a Toxic-Free Environment* [Straitéis Ceimiceán don Inbhuaine – I dTreo Timpeallacht Saor ó Thocsainí[8];

---

1 EUCO 10/20.
2 EUCO 29/19.
3 15011/18 - COM(2018) 773 final.
4 15051/19 + ADD 1 - COM(2019) 640 final.
5 8136/20 - COM(2020) 456 final.
6 6766/20 + ADD 1 - COM(2020) 98 final.
7 10435/20 - COM(2020) 474 final.
8 11976/20 + ADD 1- COM(2020) 667 final.

- *EU Biodiversity Strategy for 2030 Bringing nature back into our lives* [Straitéis bhithéagsúlachta an Aontais do 2030 – An dúlra a thabhairt ar ais inár saol][9];
- *A Farm to Fork Strategy for a fair, healthy and environmentally-friendly food system* [Straitéis ón bhFeirm go dtí an Forc le haghaidh córas bia atá cothrom, sláintiúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol][10];
- *A New Industrial Strategy for Europe* [Straitéis Nua Tionsclaíochta don Eoraip][11] agus *An SME Strategy for a sustainable and digital Europe* [Straitéis FBM d'Eoraip inbhuanaithe dhigiteach][12];
- *Identifying and addressing barriers to the Single Market* [Bacainní ar an Margadh Aonair a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu][13] agus *Long term action plan for better implementation and enforcement of single market rules* [Plean gníomhaíochta fadtéarmach chun rialacha an mhargaidh aonair a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú ar bhealach níos fearr][14];
- *Shaping Europe's digital future* [Todhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú][15] agus *A European strategy for data* [Straitéis Eorpach maidir le sonraí][16];

Conclúidí ón gComhairle, a glacadh roimhe seo, maidir leis an ngeilleagar ciorclach agus go háirithe conclúidí an 25 Meitheamh 2018 dar teideal "Beart a dhéanamh maidir le Plean Gníomhaíochta an Aontais don Gheilleagar Ciorclach”[17] agus conclúidí an 4 Deireadh Fómhair 2019: "Tuilleadh ciorclaíochta - An t-aistriú chuig sochaí inbhuanaithe”[18];

Conclúidí ón gComhairle an 26 Meitheamh 2019 dar teideal "I dTreo Straitéis an Aontais do Bheartas Inbhuanaithe Ceimiceán”[19];

Conclúidí ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2020 dar teideal "An Bhithéagsúlacht – an gá atá le gníomhaíocht phráinneach”[20];

Conclúidí ón gComhairle an [...] dar teideal "Digitiú ar mhaithe leis an gcomhshaol”[21];

---

9 8219/20 + ADD 1 - COM(2020) 380 final.
10 8280/20 + ADD 1 - COM(2020) 381 final.
11 6782/20 - COM(2020) 102 final.
12 6783/20 - COM(2020) 103 final.
13 6779/20 - COM(2020) 93 final.
14 6778/20 - COM(2020) 94 final.
15 6237/20 - COM(2020) 67 final.
16 6250/20 - COM(2020) 66 final.
17 10447/18 - .
18 12791/19 - .
19 10713/19 - .
20 12210/20 - .
21 [xxxx/20].

Na Rúin ó Pharlaimint na hEorpa maidir le héifeachtúlacht acmhainní: conas geilleagar ciorclach a bhaint amach; maidir le cur chun feidhme na Treorach maidir le hÉicidhearthóireacht (2009/125/CE) an 31 Bealtaine 2018; maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip an 15 Eanáir 2020; maidir leis an Straitéis Ceimiceán don Inbhuaine an 10 Iúil 2020;

An rún ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe dar teideal *Transforming our world: the 2030 Agenda for Sustainable Development* [I mbun athraithe: Clár oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe], na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna), Dearbhú Airí UNEA-4, inar chomhaontaigh comhphobal an domhain tomhaltas inbhuanaithe agus patrúin táirgthe inbhuanaithe a chur chun cinn tríd an ngeilleagar ciorclach, Rúin UNEA 2/8 maidir le táirgeadh agus tomhaltas inbhuanaithe, 4/1 maidir le conairí nuálaíocha chun tomhaltas agus táirgeadh inbhuanaithe a bhaint amach, 4/6 maidir le bruscar plaistigh mara agus micreaphlaistigh, 4/9 maidir le truailliú ó tháirgí plaistigh aon úsáide, chomh maith le 2/7 agus 4/8 maidir le bainistiú stuama ceimiceán agus dramhaíola;

**Ar chosán an téarnaimh as paindéim COVID-19**

1. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé ár ngeilleagar agus ár sochaí a athshlánú ar bhealach inbhuanaithe tar éis phaindéim COVID-19; dá bhrí sin, CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé an bealach ceart a leagan amach ón tús leis an gComhaontú Glas don Eoraip ina cháil mar threochlár i dtreo geilleagar ciorclach aeráidneodrach atá athléimneach, iomaíoch agus sábháilte, lena gcosnaítear, lena n-athshlánaítear agus lena mbaintear úsáid inbhuanaithe as an mbithéagsúlacht agus freisin atá truailliú nialasach, ina ndéantar an fás eacnamaíoch a dhíchúpláil ó úsáid acmhainní agus lena gcuirtear san áireamh pointí tosaigh éagsúla agus sainiúlachtaí éagsúla na mBallstát agus lena soláthraítear aistriú cóir, gan duine ar bith a fhágáil ar lár;

2. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT a thábhachtaí atá Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh (Next Generation EU) agus an Creat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) maidir le poist a chruthú agus an damáiste is géire a rinne paindéim COVID-19 a chur ina cheart, agus ag an am céanna, an tAontas a chur ar chosán an téarnaimh inbhuanaithe athléimnigh, tacú le cuspóirí bheartas an Aontais Eorpaigh maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip a chur chun feidhme ar bhealach éifeachtach, cóir agus cothrom ó thaobh na sochaí de, agus a áirithiú go mbeidh caiteachas an Aontais comhsheasmhach le prionsabal na neamhdhíobhála agus le cuspóirí Chomhaontú Pháras;

3. AITHNÍONN SÍ an ról nach beag atá ag an aistriú chuig geilleagar ciorclach maidir le borradh a chur faoin iomaíochas, faoin nuálaíocht, faoin bhfostaíocht agus faoin bhfolláine, trí shamhlacha ciorclacha gnó agus cleachtais chiorclacha ceannaigh a chothú, trí fhiontraíocht agus taighde a chothú, trí fhad a chur le céim-úsáide táirgí, trí bhreis luacha agus feidhmiúlachta a chur le táirgí, foirgnimh agus sócmhainní, trí ídiú agus diomailt acmhainní a chosc agus trí bhainistiú dramhaíola a fheabhsú a thuilleadh trí ord na réiteach dramhaíola a chur i bhfeidhm, trí mhargadh aonair dea-fheidhmiúil a bhunú d'amhábhair thánaisteacha neamhthocsaineacha ar ardchaighdeán agus trí leas a bhaint as sonraí agus as teicneolaíochtaí digiteacha; CUIREANN SÍ I dTREIS go bhféadfar slabhraí soláthair a chiorrú agus a éagsúlú ach an méid sin thuas a dhéanamh, agus go bhféadfar an spleáchas straitéiseach ar acmhainní príomha, go háirithe ar acmhainní neamh-inathnuaite, a laghdú, rud a mhéadóidh uathriail straitéiseach agus athléimneacht an Aontais agus rud a chaomhnódh geilleagar oscailte ag an am céanna;

4. MEABHRAÍTEAR DI go mbeidh sé ríthábhachtach ár bhfás eacnamaíoch a dhíchúpláil ó úsáid acmhainní agus aistriú chuig córais chiorclacha i gcás táirgthe agus tomhaltais, le go bhféadfar Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe a bhaint amach agus le go mbeidh an tAontas aeráidneodrach faoi 2050, chun cailliúint na bithéagsúlachta a chur ar gcúl, chun éiceachórais agus na seirbhísí a ghabhann leo a chaomhnú agus a athbhunú, chun éifeachtúlacht acmhainní a mhéadú agus chun timpeallacht atá saor ó thocsainí a bhaint amach, agus ar an gcaoi sin an tionchar a bhíonn ag úsáid acmhainní agus ag astaíochtaí gás ceaptha teasa a choinneáil laistigh de theorainneacha pláinéadacha agus a chur ar ár gcumas an fhreagracht atá orainn i leith na nglún atá le teacht a ghlacadh orainn féin; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit féachaint le geilleagar iomlán ciorclach a bhaint amach;

5. IS MÓR AN DÍOL SÁSAIMH DI an Plean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach (CEAP), a bheidh ina cholún lárnach den Chomhaontú Glas don Eoraip, agus a bheidh ríthábhachtach chun téarnamh eacnamaíoch agus fás inbhuanaithe a bhaint amach;

6. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT a thábhachtaí atá sé an leagan nua de CEAP a dhíriú ar bheartas táirgí inbhuanaithe, ar phríomhshlabhraí luacha táirgí agus ar dhramhaíl a chosc agus IS MÓR AICI go léirítear le go leor de ghníomhaíochtaí an phlean iarrataí agus moltaí a rinneadh i gconclúidí ón gComhairle an 4 Deireadh Fómhair 2019 maidir leis an ngeilleagar ciorclach;

7. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún na gníomhaíochtaí a sheoladh agus na tograí reachtacha a leagtar amach in CEAP a thíolacadh a luaithe is féidir i gcomhréir leis na prionsabail a comhaontaíodh i dtaobh Rialáil Níos Fearr[22], go háirithe trí mheasúnuithe cuimsitheacha tionchair a dhéanamh, agus na hacmhainní is gá a chur ar fáil chun cur chun feidhme agus forfheidhmiú an phlean a áirithiú agus a éascú, lena n-áirítear trí na doiciméid riachtanacha cur chun feidhme agus an treoir riachtanach cur chun feidhme a chur ar fáil go tráthúil agus trí thuairisc a thabhairt go rialta do na Ballstáit ar dhul chun cinn an chur chun feidhme sin; AITHNÍONN SÍ gur cheart na dúshláin shainiúla sin a bhíonn le sárú ag na hoileáin a chur san áireamh agus beartais agus bearta reachtacha nua CEAP á n-ullmhú; ADMHAÍONN SÍ an ról atá ag na Ballstáit maidir le CEAP a chur chun feidhme agus é a chomhlánú le gníomhaíochtaí agus le hinfheistíocht dá gcuid féin ar an leibhéal náisiúnta;

8. IARRANN SÍ go bhféachfaí leis go mbeadh comhleanúnachas ann agus na beartais éagsúla á leagan amach agus á gcur chun feidhme; TARRAINGÍONN SÍ AIRD AR an méid seo: caithfear naisc shoiléire a bhunú idir na príomhghníomhaíochtaí a leagtar síos sa leagan nua de CEAP agus na straitéisí ábhartha, na comhaontuithe ábhartha agus na tionscnaimh ábhartha atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo, go háirithe faoin gComhaontú Glas cé nach faoi sin amháin, agus bunús á thabhairt leis na príomhghníomhaíochtaí sin i gcomhréir le Clár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe agus le Comhaontú Pháras; CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS go bhfuil sé tábhachtach, agus bunús á thabhairt leis na príomhghníomhaíochtaí, go mbeadh an t-ualach riaracháin agus an t-ualach eacnamaíoch comhréireach i gcónaí;

**Féachaint leis gur Táirgí Inbhuanaithe an gnás**

*(Táirgí Inbhuanaithe a Dhearadh)*

9. IS DÍOL SÁSAIMH DI an tionscnamh a d'fhógair an Coimisiún chun tograí reachtacha a thíolacadh mar chuid de chreat cuimsitheach comhtháite beartais maidir le táirgí inbhuanaithe lena gcuirtear aeráidneodracht, éifeachtúlacht fuinnimh agus acmhainní agus geilleagar ciorclach neamhthocsaineach chun cinn, lena gcosnaítear an tsláinte phoiblí agus an bhithéagsúlacht, lena gcumhachtaítear tomhaltóirí agus ceannaitheoirí poiblí agus lena dtugtar cosaint dóibh;

---

[22] Comhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016 (IO L 123, 12.5.2016, lch. 1).

10. CUIREANN SÍ I dTREIS go gcaithfidh na prionsabail maidir le hinbhuaine táirgí sa Chreat Beartais maidir le Táirgí Inbhuanaithe a bheith bunaithe ar chur chuige saolré lena ndéantar tionchair chomhshaoil a laghdú, an luach-choinneáil a uasmhéadú, lena dtugtar tús áite do tháirgí níos inmharthana agus lena gcoinnítear ábhair sa timthriall eacnamaíoch a fhad is féidir (athmhachnamh, diúltú, athúsáid, laghdú, deisiú, athdhearadh agus athchúrsáil), agus gnéithe sóisialta á gcur san áireamh ag an am céanna; sa chomhthéacs sin, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún tograí a thíolacadh lena n-áiritheofar go ndéanfar prionsabail sin na ciorclaíochta a chomhcheangal le prionsabal na gceimiceán sábháilte agus inbhuanaithe de réir cuspóra agus le héifeachtúlacht fuinnimh i gcás táirgí a bheidh le cur ar mhargadh na hEorpa, agus cáilíocht, feidhmíocht agus sábháilteacht na dtáirgí sin á n-áirithiú ag an am céanna; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún modhanna ábhartha fíoraithe a fhorbairt, in éineacht leis na Ballstáit agus leis na geallsealbhóirí, d'ábhar athchúrsáilte i dtáirgí agus aghaidh a thabhairt, i gcás inarb iomchuí, ar ábhar athchúrsáilte a bheith éigeantach i gcás grúpaí sonracha táirgí;

11. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún aghaidh a thabhairt ar "an ró-thomhailt" agus féachaint le táirgí áirithe aon úsáide a laghdú bunaithe ar mheasúnú tionchair agus aghaidh a thabhairt freisin ar dhífheidhmeacht anabaí go háirithe i gcás feistí leictreacha agus leictreonacha lena n-áirítear bogearraí; IS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún scriosadh earraí marthanacha gan díol a thoirmeasc mura bhfuil cúis bhailí leis an scriosadh sin;

12. IS MÓR AN DÍOL SÁSAIMH DI a thiomanta atá an Coimisiún láithreacht substaintí ar údar imní iad i dtáirgí a íoslaghdú agus ábhair eile a chur ina n-ionad a mhéid is féidir; TACAÍONN SÍ le feabhas a chur ar an gciorclaíocht i dtimpeallacht atá saor ó thocsainí; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún an tsábháilteacht agus an inbhuaine de réir cuspóra a neartú mar phrionsabal, as a n-eascróidh tuilleadh nuálaíochta agus bainistiú fónta ceimiceán agus dramhaíola; CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT a thábhachtaí atá an tsábháilteacht táirgí lena n-áirítear fanacht glan ar shubstaintí ar údar imní iad i dtáirgí, go háirithe i gcás úsáid neamhriachtanach, agus a áirithiú gur furasta teacht ar fhaisnéis faoin gcion ceimiceáin ó thús deireadh shaolré an táirge, lena n-áirítear d'oibreoirí dramhaíola agus, arna iarraidh sin dóibh, do thomhaltóirí;

13. IS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún tionscnamh lárnach reachtach a thíolacadh chun raon feidhme na Treorach maidir leis an Éicidhearthóireacht a leathnú le go mbeidh feidhm ag creat na Treorach sin maidir le raon níos leithne táirgí; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún critéir nua a fhorbairt arb é is aidhm dóibh éifeachtúlacht acmhainní agus ábhair go mór mór, a áirithiú, agus timthriallta ábhar neamhthocsaineach a áirithiú freisin agus, ag an am céanna, a áirithiú go bhféachfar le dul chun cinn a dhéanamh i gcónaí maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus go gcuirfear saintréithe táirge-shonrach san áireamh agus go n-áiritheofar sábháilteacht táirgí; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR nach mór na critéir sin a bheith sonrach agus infhíoraithe;

14. CUIREANN SÍ I dTREIS nach mór forbairtí táirgí agus margaidh a chur go hiomlán san áireamh sa phróiseas chun critéir éicidhearthóireachta a bhunú agus gur cheart, dá bhrí sin, don phróiseas éirí níos éifeachtúla, ionas go ndéanfar moilleanna agus ualaí riaracháin gan ghá a sheachaint; TATHANTAÍONN SÍ ar an gCoimisiún dlús a chur leis an bpróiseas agus bailchríoch a chur ar gach grúpa táirgí laistigh de thrí bliana;

15. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhféadfadh an lorg comhshaoil táirgí a bheith mar mhodheolaíocht bhunúsach amháin le haghaidh uirlisí beartais táirgí éagsúla san Aontas agus le haghaidh an chreata maidir le táirgí inbhuanaithe, agus go bhféadfar modhanna oiriúnacha eile a chur san áireamh freisin;

16. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún scrúdú a dhéanamh ar phoitéinseal samhlacha nua gnó a d'fhéadfadh éifeachtúlacht agus inbhuaine táirgí agus seirbhísí feadh an tslabhra luacha ina iomláine a bharrfheabhsú, amhail comhroinnt, léasú, athdhéantúsaíocht táirgí, iad a sholáthar mar sheirbhís nó mar earraí athláimhe, agus samhlacha úinéireachta agus tacaíochta do tháirgeoirí agus ag an am céanna á admháil di an ról lárnach atá ag FBManna agus ag tomhaltóirí sna samhlacha nua gnó sin; CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT an poitéinseal eacnamaíoch chun poist a chruthú in earnáil an deisiúcháin san Eoraip;

*(Tomhaltóirí agus Ceannaitheoirí Poiblí a Chumhachtú)*

17. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur gá faisnéis maidir le hinbhuaine táirge atá cuimsitheach, infhíoraithe, caighdeánaithe agus inrochtana go héasca (i bhformáidí digiteacha, cuir i gcás) a chur ar fáil lena gcuirtear cosc ar an "snas glas" agus lena n-urramaítear rúin trádála agus maoin intleachtúil; IARRANN SÍ dá bhrí sin ar an gCoimisiún ceanglais maidir le faisnéis ar an gcomhshaol a shainiú do tháirgí, lena n-áirítear a n-indeisitheacht, agus staidéar a dhéanamh ar a indéanta atá sé lipéad rialála comhshaoil a thabhairt isteach;

18. IS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún "ceart chun deisiúcháin" a bhunú, agus leis sin ba cheart tomhaltóirí a bheith in ann deisiúcháin a fháil ar a gcuid dtáirgí ar chostas réasúnta; CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS an gá atá le cearta níos láidre do thomhaltóirí chun marthanacht táirgí a spreagadh; CUIREANN SÍ I dTREIS gur cheart d'aon cheanglais nua maidir le marthanacht cur leo siúd a bunaíodh cheana féin sna Cinntí ábhartha ón gCoimisiún maidir le hÉicilipéad AE, an Pacáiste um Éicidhearthóireacht agus Lipéadú Fuinnimh (amhail infhaighteacht páirteanna spártha, faisnéis faoi dheisiúcháin agus chothabháil, díchóimeáil le huirlisí atá ar fáil go coitianta, etc.), á leathnú go catagóirí táirgí ábhartha agus a n-uaillmhian a mhéadú;

19. IS MÓR AICI an rún atá ag an gCoimisiún a áirithiú go mbeidh bunús le maíomh comhshaoil ar bhonn tionchar comhshaoil feadh shaolré na dtáirgí, ag baint úsáid as lorg comhshaoil táirgí agus modhanna saolré-bhunaithe eile; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, sa chomhthéacs sin, ionstraimí atá ann cheana a mheas, amhail an Scéim Éiceabhainistíochta agus Iniúchóireachta agus Dearbhuithe Comhshaoil do Tháirgí i ndáil le faisnéis gnólacht le gnólacht, agus ag an am céanna tosaíocht a thabhairt d'éicilipéid náisiúnta nó Eorpach den chineál I atá cruthaithe agus creidiúnach;

20. IS DÍOL SÁSAIMH DI an rún atá ag an gCoimisiún a chur i dtreis a thábhachtaí atá soláthar poiblí de tháirgí agus seirbhísí ciorclacha chun borradh a chur faoi mhargaí agus infheistíochtaí ciorclacha agus TACAÍONN SÍ, a mhéid is iomchuí agus indéanta, le critéir éigeantacha um Sholáthar Poiblí Glas (SPG) bunaithe ar anailísí tionchair ar shaolré agus spriocanna saolré agus cuireann sí i bhfios go láidir gur gá tuairisciú agus faireachán a dhéanamh chun torthaí beartas SPG a mheasúnú agus ag an am céanna ualaí riaracháin a íoslaghdú; CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá an oiliúint ábhartha;

*(Ciorclaíocht sna próisis táirgthe)*

21. MEABHRAÍTEAR DI go bhfuil an geilleagar ciorclach ríthábhachtach chun cuspóirí Straitéis Tionsclaíochta an Aontais Eorpaigh a bhaint amach; IS DÍOL SÁSAIMH DI dá bhrí sin na gníomhaíochtaí a áirítear sa straitéis, ina ndéantar prionsabail an gheilleagair chiorclaigh a phríomhshruthú ar fud thionscail an Aontais, agus é á áirithiú ag an am céanna go mbainfidh iomaíochas thionscail an Aontais tairbhe as ciorclaíocht mhéadaithe;

22. IS DÍOL SÁSAIMH DI an fógra ón gCoimisiún go ndéanfaidh sé measúnú ar roghanna chun ciorclaíocht i bpróisis thionsclaíocha a chur chun cinn a thuilleadh i gcomhthéacs an athbhreithnithe ar an Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha[23] agus ar dhoiciméid tagartha i ndáil leis na Teicnící is fearr atá ar fáil agus infheidhmeacht na reachtaíochta dramhaíola a shoiléiriú ag an am céanna; TACAÍONN SÍ leis an gCoimisiún Scéim an Aontais um Fhíorú na dTeicneolaíochtaí Comhshaoil a uas-scálú agus a hinfheictheacht a mhéadú;

23. IS DÍOL SÁSAIMH DI Straitéis Bhithgheilleagair nuashonraithe an Aontais[24] agus an bhéim inti maidir leis an ngeilleagar ciorclach a ionchorprú ar fud earnálacha agus ábhair bhithbhunaithe á n-úsáid agus AITHNÍONN SÍ gur féidir le bithgheilleagar ciorclach tacú le forbairt táirgí nua ardluacha a dhéantar le dramhaíl thionsclaíoch oiriúnach nó ionchuir seachtháirgí oiriúnacha; TARRAINGÍONN SÍ AIRD AIR nach mór táirgí agus ábhair bhithbhunaithe a bheith sábháilte don chomhshaol, cosúil le haon táirgí eile, chun ról substaintiúil a imirt amach anseo agus nach féidir leo sruthanna dramhaíola ná bearta coiscthe dramhaíola a chur i mbaol; CUIREANN SÍ I dTREIS nach mór modheolaíochtaí saolré iomlána a chur i bhfeidhm chun a dtionchar ar an gcomhshaol agus ar ídiú fuinnimh a chinneadh;

24. IARRANN SÍ GO nDÉANFAÍ infheistíocht in acmhainneacht Eorpach chun córais chiorclacha agus córais lúbiata a chur i bhfeidhm agus aird ar leith á tabhairt ar phróiseáil fuinnimh agus ábhar atá dian ar acmhainní agus ar amhábhair chriticiúla agus na teicneolaíochtaí inbhuanaithe riachtanacha gaolmhara a fhorbairt;

**Cur chuige straitéiseach maidir le Príomhshlabhraí Luacha**

*(Gnéithe ginearálta)*

25. FORMHUINÍONN SÍ fócas CEAP ar na seacht slabhra luacha atá beartaithe mar go bhfuil cion tábhachtach de gheilleagar, fostaíocht, tionchar comhshaoil agus astaíochtaí gás ceaptha teasa an Aontais i gceist leo; IS DÍOL SÁSAIMH DI an rún atá ag an gCoimisiún an creat beartais do tháirgí inbhuanaithe a bhunú trí aghaidh a thabhairt ar na príomhshlabhraí luacha trí straitéisí sistéamacha earnáilbhunaithe agus ag an am céanna Á CHUR I dTÁBHACHT DI an gá atá le comhleanúnachas a áirithiú idir na straitéisí agus aghaidh a thabhairt freisin ar na tionchair shóisialta;

[23] Treoir 2010/75/AE.
[24] 13229/18 – Teachtaireacht ón gCoimisiún COM(2018) 673 final.

*(Leictreonaic agus Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide)*

26. TACAÍONN SÍ le plean an Choimisiúin tionscnamh um leictreonaic chiorclach a thíolacadh chun aghaidh a thabhairt ar an tionchar atá ag gléasanna leictreacha agus leictreonacha tomhaltóirí ar an gcomhshaol agus dífheidhmeacht anabaí a chomhrac, go háirithe trína saol a fhadú trí cheanglais éicidhearthóireachta, trí ghníomhaíochtaí uasghrádaithe agus deisithe a éascú, trí inrochtaineacht páirteanna spártha a áirithiú, agus trí dhul i ngleic leis an sruth dramhaíola méadaitheach sin, agus trína áirithiú go ndéanfar na comhpháirteanna luachmhara agus amhábhair, go háirithe amhábhair chriticiúla, a aisghabháil agus a athúsáid laistigh den Aontas Eorpach, ag baint tairbhe ag an am céanna as acmhainneachtaí nuálaíochta agus teicneolaíochta agus íoscheanglais maidir le héifeachtúlacht fuinnimh a leagan síos; IS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún, sa chomhthéacs sin, a mholadh go dtabharfaí isteach comhluchtaire;

27. TACAÍONN SÍ le plean an Choimisiúin athbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir RoHS[25] chun a héifeachtacht agus a héifeachtúlacht a mheasúnú, mar aon leis an gcomhleanúnachas le reachtaíocht eile, go háirithe raon feidhme, sainmhínithe, ceanglais, díolúintí agus dátaí cur i bhfeidhm faoin Rialachán REACH[26], faoi Threoir DTLL[27], an Rialachán maidir le POPanna[28] agus an Treoir um Éicidhearthóireacht[29] chun creat reachtach an Aontais maidir le ceimiceáin a dhaingniú agus a neartú agus chun an próiseas cinnteoireachta a shruthlíniú;

---

25 Treoir 2011/65/AE (arna leasú le Treoir 2017/2102/AE).
26 Rialachán 1907/2006/CE.
27 Treoir 2012/19/AE.
28 Rialachán 2019/1021/AE.
29 Treoir 2009/125/CE.

28. TACAÍONN SÍ leis an gCoimisiún i ngach tionscnamh lena spreagtar cosc dramhthrealaimh leictrigh agus leictreonaigh (DTLL), agus bailiú ar leithligh DTLL, go háirithe dramhghléasanna ardluacha leictreonacha, lena n-ullmhú don athúsáid nó don athchúrsáil; CUIREANN SÍ I dTREIS gur cheart gnéithe coimhdeachta agus na córais náisiúnta atá ann cheana a chur san áireamh i ngníomhaíocht maidir le bearta den sórt sin a chur chun cinn agus gur cheart, a mhéid is féidir go teicniúil agus is réasúnach go heacnamaíoch, luach agus feidhmiúlacht na ngléasanna leictreonacha atá fágtha a uasmhéadú; CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé cosc a chur ar loingsiú neamhdhleathach trealaimh leictrigh agus leictreonaigh úsáidte nach bhfuil oiriúnach a thuilleadh lena athúsáid, chun tionchar diúltach ar an tsláinte agus ar an gcomhshaol a sheachaint agus chun amhábhair chriticiúla a choinneáil laistigh den Aontas;

29. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, ag tógáil, *inter alia*, ar thuarascáil an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde, córas scórála deisithe a mholadh maidir le táirgí leictreacha agus leictreonacha d'fhonn tomhaltóirí a chur ar an eolas faoi leibhéal indeisitheachta na dtáirgí sin;

*(Ceallraí agus feithiclí)*

30. IS DÍOL SÁSAIMH DI an togra ón gCoimisiún maidir le creat rialála nua le haghaidh ceallraí[30] leis an aidhm slabhra luacha le haghaidh ceallraí atá sábháilte, ciorclach agus inbhuaine á áirithiú i ndáil le gach ceallra agus lena dtabharfar isteach bearta le haghaidh coinneáil agus barrfheabhsú luacha ó chéim an deartha agus an táirgthe go dtí úsáid agus athúsáid, athdhéantúsaíocht agus leis an aidhm úsáid ceallraí in-athluchtaithe a dhreasú, i gcás inarb ábhartha;

31. TACAÍONN SÍ leis an rún atá ag an gCoimisiún athbhreithniú a mholadh ar an Treoir maidir le feithiclí a bhfuil a ré caite[31], d'fhonn ciorclaíocht in earnáil na ngluaisteán a fheabhsú, trí fhorálacha maidir le dearadh inbhuanaithe agus an leibhéal is airde indeisitheachta is féidir - i measc nithe eile - chomh maith le forfheidhmiú níos fearr chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna i ndáil le feithiclí a bhíonn "ar iarraidh" agus onnmhairithe neamhdhleathacha feithiclí a bhfuil a ré caite;

30 13944/20 + ADD 1 - COM(2020) 798 final.
31 Treoir 2000/53/CE.

*(Pacáistiú)*

32. IS DÍOL SÁSAIMH DI an rún atá ag an gCoimisiún athbhreithniú a mholadh ar an Treoir maidir le pacáistíocht agus le dramhaíl ó phacáistíocht[32] d'fhonn a áirithiú go mbeidh gach pacáistíocht in-athúsáidte nó in-athchúrsáilte ar bhealach atá indéanta go heacnamaíoch faoi 2030, agus pacáistíocht agus ró-phacáistíocht agus, mar thoradh air sin, dramhaíl ó phacáistíocht a laghdú; ag an am céanna, TUGANN SÍ DÁ hAIRE nach mór caighdeáin sláinteachais agus sábháilteachta bia a urramú; TUGANN SÍ DÁ hAIRE go ndearnadh athbhreithniú ar an Treoir in 2018 agus go dteastaíonn dóthain ama ó na Ballstáit í a chur chun feidhme; MOLANN SÍ don Choimisiún forálacha a bhaineann le hábhair athchúrsáilte a chur san áireamh, i gcásanna inarb iomchuí, i bpacáistiú cosúil leis an gcur chuige a úsáidtear i gcás buidéil phlaisteacha sa Treoir maidir le plaistigh aon úsáide[33];

33. CUIREANN SÍ I dTREIS chun na spriocanna sin a bhaint amach gur cheart forálacha níos nithiúla, níos éifeachtaí agus níos fusa le cur chun feidhme a nuashonrú agus a bhunú san athbhreithniú ar an Treoir maidir le pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht chun pacáistíocht inbhuanaithe sa mhargadh inmheánach a chothú agus castacht pacáistíochta a íoslaghdú chun réitigh indéanta go heacnamaíoch a chothú agus in-athúsáidteacht agus in-athchúrsáilteacht a fheabhsú chomh maith le substaintí ar díol imní iad in ábhar pacáistíochta a íoslaghdú, go háirithe i bhfianaise ábhar pacáistíochta bia; CUIREANN SÍ I dTREIS gur féidir le díolacháin builc rannchuidiú le dramhaíl ó phacáistíocht a laghdú; agus CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur féidir le rochtain phoiblí ar thobair uisce óil agus ar uisce buacaire inólta rannchuidiú le dramhaíl ó phacáistíocht a laghdú agus MOLANN SÍ don Choimisiún agus do na Ballstáit bearta den sórt sin a chur chun cinn; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a riachtanaí atá sé pacáistíocht a lipéadú ar bhealach intuigthe chun tomhaltóirí a chur ar an eolas maidir lena hin-athchúrsáilteacht agus cá háit nach mór fáil réidh den dramhaíl uaithi chun athchúrsáil a éascú;

34. IS DÍOL SÁSAIMH DI an rún atá ag an gCoimisiúin rialacha a bhunú maidir le gach ábhar plaisteach a athchúrsáil go sábháilte ina n-ábhair teagmhála bia; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún amchlár a shainiú chun údaruithe le haghaidh próisis mheicniúla a chur ar fáil do theireataláit phoileitiléine (PET) agus rialacha eile a cheapadh do phlaistigh eile seachas PET i ndlúthchomhar leis na monaróirí lena mbaineann;

---

[32] Treoir 94/62/CE.
[33] Treoir 2019/904/AE.

*(Plaistigh)*

35. TACAÍONN SÍ le cuspóirí an Choimisiúin a leagtar amach i Straitéis an Aontais maidir le Plaistigh[34] agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún na gníomhaíochtaí dá bhforáiltear inti a chur chun feidhme agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún tuairisc a thabhairt maidir lena cur chun feidhme agus lena tionchar ar an gcomhshaol, amhail astaíochtaí gás ceaptha teasa agus na ceachtanna a foghlaimíodh ar féidir leo tionchar a imirt ar an mbeartas amach anseo;

36. MEABHRAÍTEAR DI a thábhachtaí atá sé tomhaltas ítimí aon úsáide a laghdú nuair is é sin an réiteach comhshaoil is fearr, léirmhíniú comhchuibhithe ar na táirgí a chumhdaítear leis an Treoir maidir le Plaistigh Aon Úsáide, lipéadú táirgí agus modhanna caighdeánaithe a fhorbairt chun ábhar athchúrsáilte i dtáirgí a thomhas bunaithe ar mhodhanna fíoraithe comhchuibhithe más féidir; CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS sa chomhthéacs sin na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint le freagracht leathnaithe táirgeora (EPR);

37. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur túsphointe maith cheana féin í an Treoir maidir le Plaistigh Aon Úsáide aonair le haghaidh cuóta aonair maidir le hábhar athchúrsáilte i gcomhair buidéil dí phlaisteacha aon úsáide; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR á thábhachtaí atá sé do na Ballstáit bailiú, sórtáil agus athchúrsáil dramhaíola plaistí a neartú agus an bonneagar straitéiseach le haghaidh athchúrsála ar ardchaighdeán a threisiú agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún bearta breise a mholadh, gan mhoill, chun éileamh níos láidre ar ábhar athchúrsáilte a chothú, onnmhairiú dramhaíola plaistí lasmuigh den Aontas a theorannú agus lúba athchúrsála a dhúnadh do phacáistíocht phlaisteach, mar shampla trí scéimeanna éarlaise agus fillte nó freagracht leathnaithe tairgeoirí a chothú, agus trí íoscheanglais a leagan síos san Aontas d'ábhar athchúrsáilte i dtáirgí plaisteacha;

38. MOLANN SÍ don Choimisiún agus do na Ballstáit tacú le tionscnaimh phíolótacha agus le méadú teicneolaíochtaí nuálacha atá ag teacht chun cinn, amhail athchúrsáil ardmheicniúil nó cheimiceach a dhéanamh ar ábhar plaisteach, agus á áirithiú ag an am céanna go laghdófar na tionchair fhoriomlána ar an gcomhshaol i gcomhthéacs saolré; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún féachaint an bhféadfaí bealach inbhuanaithe a dhéanamh den athchúrsáil cheimiceach chun plaistigh a athchúrsáil agus na coinníollacha a shainiú faoina measfar sin mar rogha athchúrsála dramhaíola mar a shainmhínítear sa Treoir Réime Dramhaíola[35];

---

[34] 5477/18 + ADD 1 - Teachtaireacht ón gCoimisiún COM(2018) 28 final.

[35] Treoir 2008/98/CE (arna leasú go deireanach le Treoir 2018/851/AE).

39. CUIREANN SÍ I dTREIS gur cheart aon chur i bhfeidhm a d'fhéadfaí a dhéanamh ar phlaistigh bhithbhunaithe, "bith-dhíghrádaithe" nó "inmhúirínithe" a bheith bunaithe ar mheasúnuithe saolré ar na tionchair ar an gcomhshaol agus ról na n-ábhar inathnuaite sa mhaolú ar an athrú aeráide, i gcaomhnú na bithéagsúlachta agus i slándáil an tsoláthair bia á chur san áireamh ina iomláine; IARRANN SÍ, dá bharr sin, ar an gCoimisiún creat beartais soiléir a fhorbairt le haghaidh plaisteach bithbhunaithe, "bith-dhíghrádaithe" nó "inmhúirínithe" ionas nach gcuirfear tomhaltóirí amú, agus chun bruscar plaisteach agus truailliú neamhbheartaithe a laghdú, chun cóireáil leordhóthanach a áirithiú agus chun nach mbainfear an bonn d'athchúrsáil cineálacha eile dramhaíola plaisteacha;

40. TACAÍONN SÍ leis an gCoimisiún srian a chur a luaithe is féidir ar mhicreaphlaistigh a chuirtear isteach i dtáirgí d'aon ghnó agus dul i ngleic le truailliú ó mhillíní plaisteacha chun an comhshaol agus sláinte an duine a chosaint, agus modhanna a fhorbairt agus a chomhchuibhiú a thuilleadh chun micreaphlaistigh a scaoiltear go neamhintinneach ó tháirgí amhail teicstílí, boinn, péinteanna agus bratuithe a thomhas, d'fhonn bearta breise a dhéanamh chun dul i ngleic leis an truailliú ó na foinsí sin, agus MOLANN SÍ go gcuirfí leis an obair leanúnach atá á déanamh sa straitéis cur chun feidhme coiteann atá sa Treoir Réime um Straitéis Mhuirí[36];

41. TACAÍONN SÍ le gach iarracht an bhearna a dhúnadh san eolas eolaíoch maidir le micreaphlaistigh sa chomhshaol, lena n-áirítear ar an talamh agus san aer, uisce óil, bithraí agus bia, a bhfoinsí, agus ar na héifeachtaí a bhíonn acu ar shláinte an duine;

42. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún a ghealltanais a thabhairt maidir le micreaphlaistigh, lena n-áirítear bearta coisctheacha chun micreaphlaistigh a laghdú sa chomhshaol; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR nach mór bearta coisctheacha a ghlacadh ar an saolré iomlán, amhail táirgí a mhonarú ar bhealach a chuirfidh cosc ar astaíochtaí micreaphlaistigh nó meaisíní níocháin a shuiteáil le scagairí;

---

[36] Treoir 2008/56/CE.

*(Teicstílí)*

43. IS DÍOL SÁSAIMH DI an fógra ón gCoimisiún faoi straitéis chuimsitheach an Aontais maidir le teicstílí agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún an straitéis a fhorbairt i gcomhréir leis na hábhair imní agus leis na moltaí a chuir an Chomhairle in iúl cheana[37] lena n-áirítear trí bhearta éicidhearthóireachta agus trí bhearta faisnéise do thomhaltóirí (córas lipéadaithe) agus trí scéimeanna FLT, más iomchuí, agus substaintí ar údar imní iad a laghdú agus deireadh a chur leo de réir a chéile, agus saolré iomlán snáthanna, fabraicí agus teicstílí á cur san áireamh, lena n-áirítear an méid a chuireann siad le hastaíochtaí gás ceaptha teasa, a dtionchar ar an gcomhshaol, an tsláinte agus dálaí oibre; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún reachtaíocht earnáilsonrach a mheas; TACAÍONN SÍ leis an moladh atá i Straitéis an Aontais Eorpaigh atá ar na bacáin maidir le teicstílí go gcuirfí toirmeasc ar scriosadh earraí marthanacha nár díoladh; TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur cheart a áireamh sa Straitéis ceanglais nua do tháirgeoirí de chuid an Aontais mar aon le huirlisí chun athrú in iompar na dtomhaltóirí, teicneolaíochtaí athchúrsála inbhuanaithe, agus éileamh ar theicstílí athchúrsáilte a spreagadh ó tharla go mbeidh sé d'oibleagáid ar na Ballstáit ó 2025 amach bailiú éigeantach ar leithligh maidir le dramhaíl teicstíle a thabhairt isteach; MOLANN SÍ don Choimisiún anailís a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag an 'bhfaisean tapa' ar an gcomhshaol;

44. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS an tionchar nach beag atá ag géarchéim COVID-19 ar an earnáil sin ar fud an domhain agus nach mór oibriú le geallsealbhóirí, lena n-áirítear tomhaltóirí agus líonraí deisiúcháin shóisialta, chun an earnáil a athghiniúint i gcomhréir le samhlacha gnó níos inbhuanaithe, níos ciorclaí agus níos iomaíche, rud a chruthóidh luach, poist agus athléimneacht, luachshlabhraí atá cóir go sóisialta agus neamhdhíobhálach don chomhshaol, lena n-áirítear deireadh a chur, de réir a chéile, le substaintí ar údar imní iad ó thimthriallta ábhair, san Eoraip agus níos faide i gcéin;

45. Mar fhreagairt ar ghéarchéim COVID-19, TUGANN SÍ DÁ hAIRE go dtugann an próiseas téarnaimh deis infheistíochtaí i réitigh inbhuanaithe agus i samhlacha gnó a mhéadú, lena n-áirítear snáithíní bithbhunaithe agus dramhbhunaithe, an olann san áireamh, a tháirgeadh, saoráidí maidir le bailiú ar leithligh éifeachtúil agus maidir le hullmhú le haghaidh athúsáide, athchúrsáil ceirt-go-ceirt, teicneolaíochtaí agus saoráidí athchúrsála ardcháilíochta chun luach a chruthú ó shruthanna dramhaíola ina dhiaidh sin chomh maith le hinfheistíochtaí i réitigh deartha nuálacha inbhuanaithe amhail 'teicstílí cliste';

[37] 12791/19 - Conclúidí ón gComhairle an 4 Deireadh Fómhair 2019: 'Tuilleadh ciorclaíochta - An t-aistriú chuig sochaí inbhuanaithe'.

*(An Tógáil agus an Fhoirgníocht)*

46. ATHDHEARBHAÍONN SÍ go bhfuil an earnáil tógála agus foirgníochta dian ar ábhair, ar an bhfuinneamh agus ar ghás ceaptha teasa, agus go dteastaíonn prionsabail chomhtháite maidir le hinbhuaine agus ciorclaíocht saolré uaithi; Dá bhrí sin, IS DÍOL SÁSAIMH DI cur chuige cuimsitheach an Choimisiúin maidir leis an timpeallacht thógtha i bhfianaise a mbíonn d'astaíochtaí gás ceaptha teasa agus de thionchar ar an gcomhshaol ag gabháil le hoibreacha foirgníochta atá corpraithe agus oibríochtúil (foirgnimh, bonneagar agus sócmhainní tógtha) le linn a saolré agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE go ngabhann ceanglais leis sin ar thionscal déantúsaíochta na dtáirgí tógála, agus ar an tionscal tógála agus eastáit réadaigh, chomh maith le rannchuidiú féideartha uathu le hEoraip ciorclach a bheadh aeráidneodrach, neamhdhíobhálach don bhithéagsúlacht, agus tíosach ar acmhainní agus ar fhuinneamh; MOLANN SÍ go gcuirfí san áireamh na gnéithe sóisialta a bhaineann le glasú na n-earnálacha tógála agus foirgníochta; MEABHRAÍTEAR DI a hiarraidh ar an gCoimisiún scrúdú a dhéanamh ar na féidearthachtaí atá ann scéimeanna FLT a úsáid chun samhlacha gnó ciorclacha a spreagadh in earnáil na tógála agus na foirgníochta; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR an tábhacht a bhaineann le hoiliúint agus uas-sciliú iomchuí don fhostaíocht ar fad a bhaineann leis an tógáil chun na cuspóirí sin a bhaint amach;

47. IS DÍOL SÁSAIMH DI gur glacadh an Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal "An rabharta athchóirithe don Eoraip"[38] agus AIRD Á TARRAINGT AICI air go bhféadfadh rabharta athchóirithe den sórt sin cur go suntasach le hinbhuaine na timpeallachta tógtha trí thomhaltas acmhainní agus fuinnimh agus astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú le linn oibriú foirgníochta (athchóiriú atá tíosach ar acmhainní agus ar fhuinneamh) agus a chorpraítear san fhoirgneamh, trí úsáid a bhaint as acmhainní ionsuite agus fuinneamh is gá ar feadh tréimhse níos faide le rannchuidiú le timthriallta ábhair a mhoilliú, trí nithe agus táirgí tógála a athúsáid, agus trí úsáid a bhaint as táirgí, ábhair agus amhábhair thánaisteacha bhithbhunaithe, trí shubstaintí ar údar imní iad a laghdú, trí oidhreacht chultúrtha agus struchtúir uirbeacha a chaomhnú agus trí phoist ardoilte a choimirciú nó a chruthú; TARRAINGÍONN SÍ AIRD AR na tairbhí a bhainfeadh le ceanglais a thabhairt isteach amhail pasanna foirgníochta digiteacha agus dearbhuithe táirgí comhshaoil; TUGANN SÍ DÁ hAIRE nach mór oibreacha athchóirithe a dhéanamh de réir na gcaighdeán feidhmíochta is airde chun rannchuidiú leis an Eoraip a bheith aeráidneodrach agus chun éifeachtaí gaibhnithe fuinnimh agus $CO_2$ a sheachaint ar feadh na mblianta atá amach romhainn;

[38] 11855/20 + ADD 1 - Teachtaireacht ón gCoimisiún COM(2020) 662 final.

48. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS a thábhachtaí atá sé aghaidh a thabhairt ar fheidhmíocht inbhuaine na dtáirgí tógála go léir, lena n-áirítear amhábhair thánaisteacha chomh maith le foirgnimh, bonneagar agus sócmhainní tógtha eile i gcomhar le comhlíonadh ceanglas comhshaoil agus sláinte atá teicniúil, feidhmiúil, tíosach ar acmhainní agus ar fhuinneamh, agus sóisialta; CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS go bhféadfadh na nithe seo a leanas - measúnú saolré-bhunaithe ar an tionchar ar an gcomhshaol, úsáid acmhainní mar aon le measúnú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa d'fhoirgnimh, do chathracha, do réigiúin agus do stoc foirgneamh náisiúnta – tacú leis an bhforbairt ionsar stoc foirgneamh ciorclach, atá neamhdhíobhálach don bhithéagsúlacht agus aeráidneodrach san Eoraip mar chuid de spriocanna inbhuaine an Aontais a bhaint amach; TUGANN SÍ DÁ hAIRE go dtugtar deis chun measúnú agus comparáid saolré a dhéanamh le creat Leibhéal/Leibhéil an Aontais[39]; MEABHRAÍTEAR DI go gcuirtear d'oibleagáid ar an gCoimisiún, leis an Treoir Réime Dramhaíola, spriocanna a mheas maidir le hathchúrsáil dramhaíola tógála agus scartála;

49. IS DÍOL SÁSAIMH DI an togra ón gCoimisiún maidir le tionscnaimh a chur chun cinn ar mhaithe le séalú ithreach a laghdú agus láithreán athfhorbraíochta a athshlánú agus úsáid shábháilte, inbhuanaithe agus chiorclach a bhaint as ithir thochailte, á aithint di go bhféadfadh an chiorclaíocht lorg tomhaltais talún a laghdú agus cur le hathchóiriú an éiceachórais; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go gcaithfidh na Ballstáit an reachtaíocht reatha a chur chun feidhme go hiomlán, go háirithe Natura 2000[40], arb é is aidhm di drochéifeachtaí ar an mbithéagsúlacht ag tógálacha nua a chosc;

50. CUIREANN SÍ I dTREIS a riachtanaí atá sé mar bhunús chun foirgnimh a thógáil nó a athchóiriú i gcomhréir le prionsabail na hinbhuaine agus na ciorclaíochta, go mbeadh fáil - agus é réamhriachtanach – ar tháirgí tógála atá sábháilte, tíosach ar acmhainní agus ar fhuinneamh ardcháilíochta, a bhfuil faisnéis theicniúil, aeráide, chomhshaoil agus sláinte maidir le táirgí tógála ar fáil dóibh, agus CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS, a mhéid is féidir, gur cheart amhábhair thánaisteacha atá ar ardcháilíocht agus deimhnithe, nó táirgí agus ábhair bhithbhunaithe a tháirgtear go hinbhuanaithe, a úsáid chun iad a mhonarú;

---

39 https://ec.europa.eu/environment/topics/circular-economy/levels_en.
40 Faoi chuimsiú Threoracha 92/43/CEE (Gnáthóga) agus 2009/147/CE (Éin).

*(Bia, Uisce agus Cothaithigh)*

51. TARRAINGÍONN SÍ AIRD AIR nach mór dlúthnasc a bheith idir aon tionscnamh nua maidir le táirgí aon úsáide a ionadaítear in earnáil an bhia ar bhealach atá indéanta go teicniúil agus go heacnamaíoch agus an dá rud seo a leanas; meastóireacht a dhéanfar ar na bearta a cuireadh i bhfearas agus Treoir maidir le Plaistigh Aon úsáide á cur chun feidhme agus ullmhú an tionscnaimh beartais maidir le táirgí inbhuanaithe;

52. TARRAINGÍONN SÍ AIRD AR an méadú atá ag teacht ar an bhfiúntas a bhaineann le huisce mar acmhainn agus MEABHRAÍTEAR DI gur féidir ábhair luachmhara a aisghabháil le linn cóireáil fuíolluisce agus ó shloda séarachais agus gur féidir le hathúsáid uisce sa talmhaíocht agus in earnálacha eile, amhail i bpróisis thionsclaíocha, cur le húsáid tíosach uisce; CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS go bhféadfadh sé, i gcásanna áirithe, gur lú an tionchar ar an gcomhshaol a bheadh ag athúsáid fuíolluisce uirbigh chóireáilte chun críocha uiscithe ná ag an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag saothrú acmhainní nádúrtha uisce; IS DÍOL SÁSAIMH DI rún an Choimisiúin plean gníomhaíochta comhtháite maidir le bainistiú cothaitheach a ghlacadh agus rún an Choimisiúin machnamh a dhéanamh ar athbhreithniú a dhéanamh ar na Treoracha sin maidir le cóireáil fuíolluisce[41] agus sloda séarachais[42] a luaithe is féidir ar mhaithe le rannchuidiú le méadú an gheilleagair chiorclaigh, agus cosaint an chomhshaoil agus sláinte an duine agus ainmhithe á n-áirithiú ag an am céanna, lena n-áirítear deireadh a chur, de réir a chéile, le substaintí ó thimthriallta ábhair ar údar imní iad, i gcomhréir freisin leis an Rialachán maidir le Leasachán[43];

**An Dramhaíl a Chosc, Deiseanna a Chruthú**

*(Cosc, Ullmhúchán d'Athúsáid, Athchúrsáil agus Aisghabháil eile)*

53. IS DÍOL SÁSAIMH DI an fócas atáthar á leagan ar chosc dramhaíola in CEAP agus CUIREANN SÍ I dTREIS go mbaineann roinnt mhaith de na réitigh le beartas éifeachtach um tháirgí ar beartas é nach mór a aistriú ina ghníomhaíochtaí agus ina bhearta nithiúla, amhail síneadh a chur le saolré táirgí, a chuirfidh chun cinn an cosc ar dhramhaíl;

---

41 Treoir 91/271/CEE ón gComhairle.
42 Rialachán 2019/1009/AE.
43 Treoir 86/278/CEE ón gComhairle.

54. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS go leagtar amach, i ngeall ar an athbhreithniú a rinneadh ar an Treoir Réime Dramhaíola, ard-uaillmhian agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhféadfaí é sin a éascú le hinfheistíochtaí a bheadh treisithe ag 'Next Generation EU' agus CAI agus ag ionstraimí airgeadais eile; TUGANN SÍ DÁ hAIRE na dúshláin atá fós le sárú maidir le cur chun feidhme agus an gá atá le dea-chleachtais a chur i bhfeidhm maidir le húsáid ionstraimí eacnamaíocha amhail FLT; ós amhlaidh atá, CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS ról FLT maidir leis na spriocanna a bhaineann le cosc agus bainistiú dramhaíola a bhaint amach agus an geilleagar ciorclach a chothú; IARRANN SÍ ar na Ballstáit cur chun feidhme na scéimeanna FLT atá ann cheana a neartú agus MOLANN SÍ don Choimisiún féachaint an bhféadfaí FLT a leathnú, i gcás inarb iomchuí, chun grúpaí táirgí breise a áireamh;

55. MOLANN SÍ don Choimisiún féachaint an bhféadfaí spriocanna uaillmhianacha agus infhíoraithe a bhunú maidir le laghdú dramhaíola i gcás na sruthanna dramhaíola is mó tionchar; agus BÉIM Á LEAGAN AICI AIR, san am céanna, gur ar mheasúnú cuimsitheach tionchair is ceart tograí nua a bhunú agus Á ADMHÁIL DI cé gur formheasadh spriocanna athchúrsála uaillmhianacha do dhramhaíl chathrach agus do phacáistíocht agus do phlaistigh indiúscartha in 2018 agus in 2019 gur anois atáthar á gcur chun feidhme sna Ballstáit; MOLANN SÍ don Choimisiún aghaidh a thabhairt ar na hathbhreithnithe éagsúla atá le déanamh go gairid ar reachtaíocht na dramhaíola trí thionscnaimh ghaolmhara a ghrúpáil le chéile; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR nach mór córais deisithe agus athúsáide san Aontas a neartú agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún a mhachnamh a dhéanamh ar dhlús a chur leis an bplé uile-Aontais maidir le córais deisithe agus athúsáide do tháirgí áirithe;

56. TACAÍONN SÍ le córais bailithe ar leithligh agus córais sórtála roghnaíocha a neartú san Aontas, ar córais iad a áirithíonn soiléireacht agus éascaíocht do shaoránaigh an Aontais, lenar féidir ní hamháin na spriocanna athchúrsála méadaithe a bhaint amach, ach feabhas a chur ar cháilíocht, ar chostas agus ar éifeachtúlacht acmhainní na n-amhábhar tánaisteach freisin. CUIREANN SÍ I dTREIS, mar sin féin, nach mór sonraíochtaí na mBallstát agus prionsabal na coimhdeachta agus na comhréireachta a urramú in aon sruthlíniú a dhéanfar ar leibhéal an Aontais ar chórais bailithe ar leithligh, agus nach mór tógáil ar an dea-chleachtas; TARRAINGÍONN SÍ AIRD AR an ngá atá le teicnící bailithe ar leithligh, sórtála agus athchúrsála nuálacha a fhorbairt agus acmhainneachtaí a uas-scálú chun a áirithiú go ndéanfar cóireáil leordhóthanach ar dhramhaíl a bhailítear ar leithligh laistigh den Aontas;

57. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR nach mór feabhas a chur ar chórais bainistithe dramhaíola agus ar chórais dramhaíola chiorclacha a bheidh comhsheasmhach le hord na réiteach dramhaíola, agus CUIREANN SÍ I dTREIS dá bhrí sin a thábhachtaí atá sé deireadh a chur, de réir a chéile, le substaintí ar údar imní iad, agus TACAÍONN SÍ dá bhrí sin le ciorclaíocht fheabhsaithe d'amhábhair thánaisteacha neamhthocsaineacha i dtimpeallacht saor ó thocsain; IS DÍOL SÁSAIMH DI más ea gur glacadh an Teachtaireacht ón gCoimisiún 'Straitéis Ceimiceán don Inbhuaine i dTreo Timpeallacht Saor ó Thocsaineach'[44];

58. TARRAINGÍONN SÍ AIRD AR an ngá atá le hinfheistíochtaí breise sa nuálaíocht agus sa bhonneagar i ndáil le teicneolaíochtaí agus acmhainneachtaí chun ullmhú don athúsáid, don tsórtáil agus don athchúrsáil ar ardcháilíocht laistigh den Eoraip, agus aird á tabhairt aici, ag an am céanna, ar an ngá atá leis an mbonneagar ábhartha a thógáil agus a oibriú, lena n-áirítear, i gcásanna ar leith, i gcomhair aisghabháil eile, agus ord na réiteach dramhaíola á urramú ag an am céanna agus ar bhealach a laghdóidh an tionchar dochrach ar an gcomhshaol agus ar an aeráid, agus más gá, tacú le FBManna san earnáil; CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS thairis sin gur féidir onnmhairithe dramhaíola a laghdú go héifeachtach tríd an acmhainneacht athchúrsála a fheabhsú agus a leathnú agus trí 'athchúrsáilte san Eoraip' a chur chun cinn;

*(An Margadh Eorpach d'Amhábhair Thánaisteacha a Neartú; Loingsiú Dramhaíola)*

59. IS DÍOL SÁSAIMH DI an t-athbhreithniú nach fada uainn ar Rialachán an Aontais maidir le Loingsiú Dramhaíola[45] chun loingsithe dramhaíola a rialáil a thuilleadh, go háirithe onnmhairiú dramhaíola chuig tríú tíortha a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh don chomhshaol agus do shláinte an duine sna tíortha cinn scríbe, chomh maith le rialuithe éifeachtacha ar loingsithe dramhaíola a áirithiú agus forfheidhmiú i gcoinne loingsithe neamhdhleathacha dramhaíola a neartú agus, ag an am céanna, réitigh dhigiteacha agus idirmhalartú leictreonach sonraí a úsáid chun na nósanna imeachta a dhéanamh níos éifeachtaí gan cur isteach ar leibhéal cosanta an chomhshaoil, chun feidhmiú níos fearr maidir le loingsiú dramhaíola a áirithiú laistigh den Aontas, rud atá ríthábhachtach chun margadh aonair láidir le haghaidh amhábhair thánaisteacha a stóinsiú bunaithe ar ardchaighdeáin chomhshaoil agus ar an trédhearcacht;

---

44 11976/20 + ADD 1 - Teachtaireacht ón gCoimisiún COM(2020) 667 final.
45 Rialachán 1013/2006/CE.

60. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS a thábhachtaí atá sé an margadh inmheánach d'amhábhair thánaisteacha a neartú bunaithe ar an trédhearcacht agus ar ardchaighdeáin chomhshaoil, sábháilteachta agus cháilíochta, chun soláthar amhábhar tánaisteach a fheabhsú agus an úsáid is fearr dar féidir a bhaint astu, agus, ar an gcaoi sin, spleáchas an Aontais ar acmhainní príomha a laghdú agus an neamhspleáchas straitéiseach a mhéadú; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR nach mór úsáid amhábhar tánaisteach i dtáirgí nua a spreagadh; CUIREANN SÍ I dTREIS, sa chomhthéacs sin, a thábhachtaí atá sé caighdeáin agus deimhniú ar bhonn Eorpach a fhorbairt agus ar bhonn domhanda a chur chun cinn maidir le hábhar agus cáilíocht na n-amhábhar tánaisteach chun leas an tslabhra luacha iomláin, agus a thábhachtaí atá sé an soláthar poiblí a úsáid chun a n-éileamh a bhrostú agus IARRANN SÍ ar na Ballstáit agus ar na hinstitiúidí Eorpacha leas a bhaint as na huirlisí sin;

61. MOLANN SÍ don Choimisiún a mheasúnú a indéanta atá sé faireachlann mhargaidh a bhunú do phríomh-amhábhair thánaisteacha, trí leas a bhaint as ardán digiteach ar mhaithe, i measc nithe eile, leis an soláthar agus leis an éileamh ar amhábhair thánaisteacha athchúrsáilte a mhapáil agus, ar an gcaoi sin, margadh inmheánach d'amhábhair thánaisteacha a éascú agus comhar rathúil idir gnólachtaí a chumasú, agus ar an mbealach sin, siombóis thionsclaíoch agus comhghuaillíochtaí tionsclaíocha a chur chun cinn;

62. CUIREANN SÍ I dTREIS an tábhacht a bhaineann le critéir chomhchuibhithe dheiridh dramhaíola agus le caighdeánú, rudaí ar féidir leo feabhas suntasach a chur ar an margadh d'amhábhair thánaisteacha; IS DÍOL SÁSAIMH DI na pleananna atá ag an gCoimisiún maidir le féachaint le tuilleadh critéar deiridh dramhaíola uile-Aontais a fhorbairt le haghaidh sruthanna dramhaíola áirithe i gcás inarb iomchuí; TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur cheart do na critéir sin a bheith inoibrithe ó thaobh riaracháin de; MOLANN SÍ don Choimisiún an fhéidearthacht maidir leis na critéir sin a fhorbairt a leathnú ionas go gcuimseofar seachtháirgí;

*(an líonadh talún agus an loscadh)*

63. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá, a luaithe is féidir, dramhaíl a chóireáil ar an leibhéal is airde is féidir ar ord na réiteach dramhaíola agus deireadh a chur le líonadh talún le dramhaíl bhardasach gan chóireáil sna Ballstáit go léir, agus staideanna sonracha na réigiún is forimeallaí á gcur san áireamh, agus MEABHRAÍTEAR DI na héifeachtaí dochracha a bhíonn ag líonadh talún ar an gcomhshaol, ar an athrú aeráide agus ar an sprioc maidir le geilleagar ciorclach a bhunú; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR an tábhacht a bhaineann le bailiú ar leithligh, le sórtáil agus le hathchúrsáil ardcháilíochta agus chun an gá atá le loscadh a íoslaghdú; CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT an gá atá le gníomhaíochtaí níos spriocdhírithe chun dumpáil neamhdhleathach dramhaíola a sheachaint agus chun an dramhaíl a bhainistiú ar bhealach atá fónta ó thaobh an chomhshaoil; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR an gá atá le bonneagar ábhartha a thógáil agus a oibriú sa chaoi is go n-íoslaghdófar aon éifeachtaí dochracha a d'fhéadfaí a bheith ann don chomhshaol agus don athrú aeráide;

**An Geilleagar Ciorclach agus Teicneolaíochtaí Digiteacha**

64. CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil an digiteáil ríthábhachtach chun go n-éireodh leis an ngeilleagar ciorclach, trí feabhas a chur ar éifeachtúlacht acmhainní agus ar luach-choinneáil feadh slabhraí luacha, mar shampla trí shreabhadh na faisnéise faoi tháirgí a chumasú, agus trédhearcacht mar aon le muinín do ghnólachtaí, do rialtóirí agus do thomhaltóirí a chruthú ar an gcaoi sin agus, ag an am céanna, ardleibhéal slándáil sonraí a áirithiú; TATHANTAÍONN SÍ ar an gCoimisiún togra a thabhairt ar aghaidh maidir le pas táirgí digiteacha lena gcumasófaí rianú agus lorgaireacht táirgí agus ina mbeadh faisnéis faoi thionscnamh, comhdhéanamh lena n-áirítear substaintí ar údar imní iad, amhábhair chriticiúla, ábhair athchúrsáilte, féidearthachtaí nó treoracha maidir le hathúsáid, deisiú agus bailiú nuair a dhéantar an t-ábhar a chaitheamh i leataobh, a dhíchóimeáil agus a láimhseáil mar dhramhaíl, i measc nithe eile; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR na deiseanna a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha le haghaidh bainistiú dramhaíola níos éifeachtaí, ó bhailiú, sórtáil, aisghabháil agus cóireáil na dramhaíola go pleanáil fheabhsaithe acmhainneachtaí athchúrsála;

65. MOLANN SÍ don Choimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit agus leis na geallsealbhóirí, Spás caighdeánaithe Sonraí Eorpach a bhunú le haghaidh Cur i bhfeidhm Ciorclach Cliste le sonraí ar slabhraí luacha, agus ar fhaisnéis faoi tháirgí; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún meastóireacht a dhéanamh, i gcomhar leis na Ballstáit, cad iad na bunachair sonraí atá ann cheana, chomh maith le sonraí arna mbailiú faoi ionstraimí reachtacha, ar féidir a úsáid mar thúsphointe do phasanna táirgí digiteacha; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil gá le caighdeáin agus prótacail maidir le comhroinnt sonraí chun idir-inoibritheacht agus sábháilteacht úsáide sonraí a áirithiú;

66. DAINGNÍONN SÍ an gá atá le lorg carbóin, fuinnimh agus ábhair TFC, teicneolaíochtaí digiteacha, réitigh atá cumasaithe go digiteach agus seirbhísí gaolmhara a laghdú; TATHANTAÍONN SÍ ar an gCoimisiún na ceanglais éicidhearthóireachta atá ann cheana do chórais TFC agus d'fheistí leictreacha agus leictreonacha a bhunú nó a choigeartú chun in-athúsáidteacht, marthanacht, indeisitheacht agus in-athchúrsáilteacht a mhéadú, agus chun díchóimeáil agus eastóscadh le haghaidh athúsáid comhpháirteanna agus substaintí neamhghuaiseacha a éascú agus béim ar leith á leagan ar amhábhair chriticiúla;

67. MOLANN SÍ don Choimisiún agus do na geallsealbhóirí ábhartha gach rogha maidir le digiteáil inbhuanaithe a áireamh i gcur chun feidhme ghníomhaíochtaí CEAP; TATHANTAÍONN SÍ ar na Ballstáit infheistíochtaí poiblí agus príobháideacha a shlógadh, lena n-áirítear trí phleananna téarnaimh agus athléimneachta lena dtacaítear le haeráidneodracht agus geilleagar ciorclach a bhaint amach trí ranníocaíocht ón earnáil TFC freisin;

**Ciorclaíocht sa Mhargadh Aonair a Chumasú, a Chur chun cinn agus a Phríomhshruthú**

*(Margadh Aonair atá Dea-fheidhmiúil)*

68. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT go bhfuil dea-fheidhmiú an Mhargaidh Aonair ríthábhachtach ionas go n-éireoidh leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach de bhrí go gcruthaíonn an dea-fheidhmiú sin mais chriticiúil chun borradh a chur faoi tháirgeadh agus faoi thomhaltas nuálach inbhuanaithe;

69. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS an gá atá le creat soiléir comhsheasmhach d'uirlisí éifeachtacha rialála agus neamhrialála, go háirithe comhchuibhiú agus aitheantas frithpháirteach chun feabhas a chur ar iomaíochas múnlaí inbhuanaithe ciorclacha, agus chun muinín agus cobhsaíocht a chruthú do gheallsealbhóirí; Sa chomhthéacs sin, TARRAINGÍONN SÍ AIRD AR an ngá atá ann leis an infheistíocht a chur chun cinn agus ar na hionstraimí eacnamaíocha giarála tábhachtacha atá in ann an t-iomaíochas samhlacha gnó ciorclacha a dhreasú;

70. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR saincheist na neamhshiméadrachta a tharlóidh sa mhargadh aonair arb é is cúis léi táirgí líneacha (arna monarú ar chostas íseal, gan srianta comhshaoil) agus táirgí ciorclacha (arna monarú de réir phrionsabail an gheilleagair chiorclaigh) a bheith i láthair go comhuaineach – mar gheall ar thrádáil mhéadaithe táirgí ar líne thar aon ní eile –; CUIREANN SÍ I dTREIS dá bhrí sin an ról a bhíonn ag faireachas margaidh éifeachtach uile-Aontais atá bunaithe ar an Rialachán nua maidir le Faireachas Margaidh[46] agus forfheidhmiú ní hamháin ar mhaithe le tomhaltóirí ach freisin chun cothrom na Féinne a áirithiú do ghnólachtaí;

71. Chun an t-aistriú i dtreo Aontas aeráidneodrach faoi 2050 a áirithiú, CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS a thábhachtaí atá creat rialála soiléir comhsheasmhach chun an infheistíocht phoiblí agus phríobháideach araon a stiúradh chuig fiontraíocht agus bonneagar atá ciorclach nuálach; CUIREANN SÍ I dTREIS an tábhacht a bhaineann leis an gclár oibre maidir le hairgeadas inbhuanaithe agus go háirithe Tacsanomaíocht an Aontais lena gcuirfear treoir ar fáil chun gníomhaíochtaí a chuidíonn leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach a shainaithint; CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS dá bhrí sin an poitéinseal a bhaineann le Next Generation EU agus le cistiú CAI chun caipiteal príobháideach a ghiaráil chun tacú le hinfheistíochtaí i gcleachtais chiorclacha agus IARRANN SÍ ar na Ballstáit go léir úsáid a bhaint as a gcuid Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta chun borradh a chur faoi infheistíocht chiorclach; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún critéir chiorclacha a fhorbairt i gcomhthéacs an Rialacháin maidir le Tacsanomaíocht[47] agus nochtadh iomchuí i gcomhthéacs na Treorach maidir leis an Tuairisciú Neamhairgeadais[48] agus comhleanúnachas idir an dá cheann á áirithiú ag an am céanna;

---

46 Rialachán 2019/1020/AE.
47 Rialachán 2020/852/AE.
48 Treoir 2014/95/AE.

72. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT gur príomhchuid den aistriú chuig geilleagar ciorclach é na fóirdheontas a dhéanann dochar don chomhshaol a laghdú agus deireadh a chur leo de réir a chéile;

73. AITHNÍONN SÍ feidhm chomhlántach na bpacáistí náisiúnta spreagtha i ndáil lenár ngeilleagair a atosú agus a athrú i dtreo na ciorclaíochta agus IS MÓR AICI gur díríodh le déanaí leis na moltaí tírshonracha faoi phróiseas an tSeimeastair Eorpaigh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin a threorú; TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur féidir tacú le leithdháileadh éifeachtach cistiúcháin tríd an bpiarfhoghlaim, seirbhísí comhairleacha, agus chomhairle theicniúil;

*(An Taighde, an Fhaisnéis, an tOideachas agus an Oiliúint agus Cumhachtú na Sochaí Sibhialta)*

74. CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil an taighde, an nuálaíocht, an fhaisnéis, an t-oideachas agus an oiliúint agus an comhar le gnólachtaí agus le lucht tionscal ríthábhachtach i ndáil le haistriú chuig geilleagar ciorclach, go háirithe maidir le feasacht a mhúscailt i measc an phobail i gcoitinne, i measc lucht ceaptha beartas agus geallsealbhóirí ábhartha eile chun cur ar a gcumas páirt iomlán a ghlacadh sa ghluaiseacht i dtreo stíleanna maireachtála agus patrúin tomhaltais níos inbhuanaithe;

75. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá gné shóisialta an aistrithe chuig geilleagar ciorclach a chur san áireamh trí aird a thabhairt ar na riachtanais maidir le forbairt scileanna (athoiliúint agus uas-sciliú), foghlaim ar feadh an tsaoil, córais oideachais agus oiliúna a chur in oiriúint agus a nuachóiriú, an t-athrú iompraíochta agus an gá atá le haghaidh aistriú atá cuimsitheach, sóisialta agus cóir mar aon le dúshláin shonracha a bhíonn ag grúpaí sóisialta sonracha, ag na Ballstáit agus ag na réigiúin; CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS an tábhacht a bhaineann leis an "gClár Oibre Nua Scileanna don Eoraip"[49] mar chuid de théarnamh ciorclach glas agus aistriú digiteach;

[49] 9349/20 – Teachtaireacht ón gCoimisiún COM(2020) 274 final.

76. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT an ról agus an poitéinseal atá ag na cathracha agus na réigiúin i dtaca leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach agus tuigeann sí a thábhachtaí atá an cur chuige áitiúil, agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE poitéinseal suntasach an chistiúcháin i gcomhthéacs an bheartais comhtháthaithe agus Next Generation EU i ndáil le tacú le tionscnaimh chiorclacha uirbeacha agus réigiúnacha agus i ndáil le poist a chruthú ar an leibhéal áitiúil;

77. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT gur féidir le cistiú tiomnaithe taighde agus nuálaíochta faoin gClár Fís Eorpach a bheartaítear don tréimhse ó 2021 go dtí 2027 rannchuidiú le ról ceannasach na hEorpa maidir le teicneolaíochtaí inbhuanaithe ciorclacha agus samhlacha gnó ciorclacha nuálacha a fhorbairt a thuilleadh;

78. AITHNÍONN SÍ na dúshláin mhóra atá os comhair FBManna agus an gá atá le tacú le fothú acmhainneachta i FBManna trí úsáid a bhaint as líonraí atá ann cheana amhail an Lárionad Eorpach Eolais um Éifeachtúlacht Acmhainní nó an Líonra Fiontar Eorpach agus CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS an tábhacht a bhaineann le braislí lena n-éascaítear aistrithe, agus a thábhachtaí atá sé go ndéanfadh FBManna nuálaíochtaí ciorclacha, teicneolaíochtaí nua agus siombóis thionsclaíoch a ghlacadh agus a chur in úsáid; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go mbíonn ról tábhachtach ag lárionaid inniúlachta agus ag bonneagar nuálaíochta – agus an rochtain is forleithne dar féidir orthu ag fiontraithe agus an deis acu scileanna maidir leis an éicidhearthóireacht agus bainistiú an ghnó ghlais a shealbhú – d'fhonn geilleagar ciorclach a bhaint amach;

79. CUIREANN SÍ I dTREIS an ról lárnach a bhíonn ag rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí san aistriú i dtreo geilleagar ciorclach agus iarrann sí ar an gCoimisiún leas a bhaint as an bpoitéinseal atá in Ardán Eorpach Gheallsealbhóirí an Gheilleagair Chiorclaigh, ardán atá faoi chomhstiúir ag Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus coistí nach iad, agus as ardán eile atá sna Ballstáit;

80. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an méadú mór atá tagtha ar líon na dtionscnamh inbhuaine, go háirithe in earnáil an éadaigh, lena n-áirítear tionscnaimh ón tsochaí shibhialta, agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit an treocht sin a leanúint agus a spreagadh;

**Iarrachtaí Ceannródaíocha ar an Leibhéal Domhanda**

81. TACAÍONN SÍ le huaillmhian an Choimisiúin an t-aistriú domhanda chuig geilleagar ciorclach a chur chun cinn freisin trí chomhar idirnáisiúnta a neartú i dtaca leis an méid sin;

82. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT torthaí an Phainéil Idirnáisiúnta Acmhainní maidir le húsáid acmhainní domhanda agus le tionchar eastóscadh agus próiseáil acmhainní ábhartha, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún féachaint an bhféadfaí "Spás Oibríochta Sábháilte" a shainiú maidir le húsáid inbhuanaithe acmhainní nádúrtha, agus comhrá domhanda a sheoladh maidir le rialachas acmhainní nádúrtha agus roghanna chun feabhas a chur ar chúrsaí mar atá, lena n-áirítear trí chomhaontú idirnáisiúnta;

83. IS DÍOL SÁSAIMH DI na tionscnaimh ón gCoimisiún chun idirphlé déthaobhach agus iltaobhach a éascú agus geilleagar ciorclach a phríomhshruthú i gcomhaontuithe saorthrádála, in ionstraimí cistiúcháin bheartas seachtrach an Aontais agus i dtaca le tuiscint agus tacaíocht a chruthú do phrionsabail an gheilleagair chiorclaigh ar fud an domhain amhail trí bhíthin Mhisin an Gheilleagair Chiorclaigh; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit leanúint den chomhar sna fóraim ábhartha uile, lena n-áirítear Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe agus Comhthionól Comhshaoil na Náisiún Aontaithe; ós amhlaidh atá, IS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil sé ar intinn ag gCoimisiún togra dar teideal "Comhghuaillíocht Dhomhanda maidir leis an nGeilleagar Ciorclach agus le hÉifeachtúlacht Acmhainní i dtreo Aistrithe Córa" a sheoladh ag an gcúigiú cruinniú de Chomhthionól Comhshaoil na Náisiún Aontaithe (UNEA-5);

84. IS DÍOL SÁSAIMH DI an tionscnamh ón gCoimisiún teacht ar chomhaontú domhanda maidir le plaistigh chun an tionchar diúltach a bhíonn ag an bplaisteach, lena n-áirítear an dramhaíl phlaisteach, ar an gcomhshaol a íoslaghdú agus TÁ SÍ TIOMANTA oibriú i dtreo comhaontú domhanda den chineál sin go háirithe d'fhonn bruscar muirí plaisteach agus micreaphlaistigh a laghdú agus MOLANN SÍ do na Ballstáit agus don Choimisiún leanúint de ghníomhaíocht a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach idir an dá linn;

85. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá an próiseas faoin gCur Chuige Straitéiseach maidir le Bainistiú Idirnáisiúnta Ceimiceán (SAICM) chun cinneadh a dhéanamh i dtaobh creat láidir le haghaidh bainistiú fónta ceimiceán agus dramhaíola tar éis 2020 ag an gcéad chruinniú eile den Chomhdháil Idirnáisiúnta maidir le Bainistiú Ceimiceán (ICCM);

86. TACAÍONN SÍ leis na bearta uaillmhianacha idirnáisiúnta i ngach réimse beartais ábhartha chun dlús a chur leis an aistriú domhanda chuig geilleagar ciorclach, amhail bainistiú dramhaíola, bainistiú ceimiceán, agus seoladh neamhdhleathach dramhaíola agus ceimiceán a chomhrac, i gcomhaontuithe iltaobhacha comhshaoil amhail Coinbhinsiún Basel maidir le rialú bogadh trasteorann dramhaíola guaisí agus Coinbhinsiún Rotterdam ar an nós imeachta i dtaobh toiliú feasach a chur in iúl roimh ré le haghaidh ceimiceán guaiseach agus lotnaidicídí áirithe sa trádáil idirnáisiúnta;

**Faireachán ar Dhul Chun Cinn i dTreo na Ciorclaíochta**

87. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT an tábhacht a bhaineann le creat faireacháin éifeachtach (lena n-áirítear bonneagar spáis amhail Copernicus agus Galileo/EGNOS a úsáid) chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo geilleagar ciorclach a bheidh sábháilte agus inbhuanaithe, aeráidneodrach, neamhdhíobhálach don bhithéagsúlacht agus tíosach ar acmhainní;

88. IS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún an faireachán ar an aistriú a neartú agus an Creat Faireacháin don gheilleagar ciorclach a thabhairt cothrom le dáta agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE an rannchuidiú luachmhar a fuarthas ó Phróiseas Bellagio i dtaca leis an méid sin; CUIREANN SÍ I dTREIS, áfach, a thábhachtaí atá sé ualaí riaracháin agus eacnamaíocha nach bhfuil gá leo a sheachaint agus úsáid éifeachtach a bhaint as na córais staidrimh agus faireacháin atá ann cheana;

89. MEABHRAÍTEAR DI nach mór na táscairí a fheabhsú a thuilleadh nó féachaint ar an mbealach a bhféadfaí cinn nua a fhorbairt chun saolré táirgí agus seirbhísí, agus glacadh samhlacha ciorclacha nua gnó agus cuir chuige nua, a chumhdach, feadh an luachshlabhra ina iomláine, chun tomhaltas acmhainní a bhainistiú i ndlúthchomhar leis na Ballstáit; i ndáil leis an méid sin, MOLANN SÍ don Choimisiún, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, féachaint ar an mbealach a bhféadfadh na táscairí sin a bheith ina dtagarmharc ag sprioc tháscach de chuid an Aontais don gheilleagar ciorclach;

90. MOLANN SÍ don Choimisiún agus d'institiúidí eile an Aontais oibriú i gcomhar le chéile chun méadracht nuálach a shainaithint chun measúnú níos fearr a dhéanamh ar an gciorclaíocht trí leas a bhaint as teicneolaíochtaí digiteála agus comhthéacsanna socheacnamaíocha na mBallstát á n-urramú go hiomlán san am céanna; CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS na sochair a bhaineann leis an gcreat nuashonraithe a ailíniú le hionstraimí agus le tionscnaimh inbhuaine eile atá ann cheana d'fhonn na spriocanna forbartha inbhuanaithe a chur chun feidhme go hiomlán.